2025/2396

25.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2396 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Samhain 2025

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1890 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1890 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/1890.

(2) An 24 Samhain 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/2395 ([2]), lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 ón gComhairle ([3]), lena gcuirtear síneadh leis na bearta sriantacha atá ann go dtí an 30 Samhain 2026, le liosta folamh.

(3) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

L. LØKKE RASMUSSEN

([1]) IO L 291, 12.11.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1890/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/2395 ón gComhairle an 24 Samhain 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir (IO L, 2025/2395, 25.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2395/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2019/1894 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir (IO L 291, 12.11.2019, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/1894/oj).

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN I

LIOSTA NA nDAOINE NÁDÚRTHA AGUS DLÍTHEANACHA, NA nEINTITEAS AGUS NA gCOMHLACHTAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2'.